

ACHOIMRE AR BHUISÉAD 2026

Seo iad na príomhbhearta cánach atá sa Ráiteas Buiséid dar dáta an 07 Deireadh Fómhair 2025, arna dhéanamh ag an Aire Airgeadais.

Cánacha agus Muirir Phearsanta

Rátaí Cánach agus Bandoí Cánach

Níl aon athruithe ar rátaí cánach ná ar bhandaí cánach le haghaidh 2026.

Cúinsí Pearsanta	2026 €	2025 €
Duine singil nó baintreach nó páirtneir sibhialta marthanach, gan leanbh cáilitheach	44,000 @ 20% Iarmhéid @ 40%	44,000 @ 20% Iarmhéid @ 40%
Duine singil nó baintreach nó páirtneir sibhialta marthanach, incháilithe le haghaidh creidmheas cánach cúramóra linbh do dhuine singil	48,000 @ 20% Iarmhéid @ 40%	48,000 @ 20% Iarmhéid @ 40%
Pósta nó i bpáirtneireacht shibhialta, ioncam ag céile nó páirtneir sibhialta amháin	53,000 @ 20% Iarmhéid @ 40%	53,000 @ 20% Iarmhéid @ 40%
Pósta nó i bpáirtneireacht shibhialta, ioncam ag an mbeirt céile nó páirtneirí sibhialta	53,000 @ 20% le méadú de 35,000 mar uasmhéid. Iarmhéid @ 40%	53,000 @ 20% le méadú de 35,000 mar uasmhéid. Iarmhéid @ 40%

Creidmheasanna Cánach

Níl aon athruithe ar chreidmheasanna cánach do 2026.

Creidmheas Cánach	€2026	2025 €
Duine singil	2,000	2,000
Pósta nó i bpáirtneireacht shibhialta	4,000	4,000
Creidmheas Cánach Fostaí	2,000	2,000
Creidmheas Cánach i leith Ioncam Tuillte	2,000	2,000
Baintreach (Fir nó Mná) nó Páirtneir Sibhialta Marthanach (gan leanbh cáilitheach)	2,540	2,540
Creidmheas Cánach Cúramóra Linbh do Dhuine Singil	1,900	1,900
Creidmheas Cánach i leith Leanbh éagumasaithe	3,800	3,800
Tuismitheoir i mBaintreachas		
Faoi mhéala in 2025	3,600	-
Faoi mhéala in 2024	3,150	3,600
Faoi mhéala in 2023	2,700	3,150
Faoi mhéala in 2022	2,250	2,700
Faoi mhéala in 2021	1,800	2,250

Creidmheas Cánach na nDall	1,950	1,950
Duine singil		
Pósta nó i bpáirtneireacht shibhialta:		
• Céile nó páirtneir sibhialta amháin dall	1,950	1,950
• An bheirt céile nó pháirtneirí sibhialta dall	3,900	3,900
Creidmheas Cánach Aoise		
• Duine singil nó baintreach nó páirtneir sibhialta marthanach	245	245
• Pósta nó i bpáirtneireacht shibhialta	490	490
Gaol Cleithiúnach	305	305
Creidmheas Cánach Cúramóra Baile	1,950	1950

Muirear Sóisialach Uilíoch (MSU)

Rátaí Caighdeánacha MSU

Luaitear na hathruithe i **gcló trom**.

€2026	Ráta	€2025	Ráta
Ioncam suas go dtí 12,012.00	0.5%	Ioncam suas go dtí 12,012.00	0.5%
Ioncam ó 12,012.01 go dtí 28,700.00	2%	Ioncam ó 12,012.01 go dtí 27,382.00	2%
Ioncam ó 28,700.01 go dtí 70,044.00	3%	Ioncam ó 27,382.01 go dtí 70,044.00	3%
Ioncam os cionn 70,044.00	8%	Ioncam os cionn 70,044.00	8%

Rátaí Laghdaithe MSU

Baineann an ráta laghdaithe MSU de 2% le daoine aonair atá 70 bliain d'aois nó níos sine a bhfuil a n-ioncam comhiomlán cothrom le €60,000 bhliain nó níos lú.

Beidh an ráta laghdaithe MSU i bhfeidhm freisin do 2026 agus 2027 do shealbhóirí iomlána cárta leighis faoi bhun 70 bliain arb é €60,000 a n-ioncam comhiomlán nó níos lú don bhliain.

€2026	Ráta	€2025	Ráta
Ioncam suas go dtí €12,012.00	0.5%	Ioncam suas go dtí €12,012.00	0.5%
Ioncam ó 12,012.01	2%	Ioncam ó 12,012.01	2%

- Nóta 1: Ní áirítear in ioncam 'comhiomlán' chun críocha MSU aon íocaíochtaí ón Roinn Coimirce Sóisialaí.
- Nóta 2: Ní mheastar cárta 'Dochtúir Ginearálta amháin' a bheith ina chárta sláinte iomlán chun críocha MSU.



Teorainneacha díolúine

Níl aon athruithe ar na teorainneacha díolúine Cánach Ioncaim do dhaoine atá 65 bliain d'aois agus os a chionn.

Creidmheas Cánach Cíos

Tá síneadh á chur leis an gcreidmheas seo go dtí 2026, 2027 agus 2028. Fanann na coinníollacha go léir a bhaineann leis an gcreidmheas agus le luach an chreidmheasa mar an gcéanna.

Faoiseamh Cánach i leith Ús Morgáiste

Tá an leibhéal reatha faoisimh á choinneáil mar atá do 2025 agus cuirfear síneadh leis go dtí 2026. Le haghaidh 2025, ríomhfar an faoiseamh bunaithe ar an méadú a tháinig ar ús a íocadh in 2025 thar ús a íocadh in 2022.

Le haghaidh 2026, ríomhfar an faoiseamh ag 50% den méadú a tháinig ar ús a íocadh in 2026 thar ús a íocadh in 2022.

Beidh feidhm ag an bhfaoiseamh don dá bhliain ag an ráta caighdeánach cánach ioncaim (20%) leis na coinníollacha go léir a bhaineann leis an bhfaoiseamh agus le luach an chreidmheasa ag fanacht mar an gcéanna.

Díolúine i leith brabúis áirithe ó mhicreaghiniúint leictreachais

Tá síneadh ama trí bliana eile á chur leis an scéim go dtí an 31 Nollaig 2028.

Díolúine do bhrabúis áirithe a eascraíonn ó uirlisí ceoil áirithe a tháirgeadh, a chothabháil agus a dheisiú.

Tá síneadh ama trí bliana eile á chur leis an scéim go dtí an 31 Nollaig 2028.

Sochar Comhchineáil ar Fheithiclí arna Soláthar ag Fostóir

Beidh feidhm leis an méid seo a leanas maidir le SC ar fheithiclí arna soláthar ag fostóir:

- Ón 1 Eanáir 2026 ar aghaidh, beidh catagóir nua feithiclí (A1) ann do charranna astaíochtaí nialasacha. Ríomhfar SC ar charranna ó chatagóir A1 ag idir 6% agus 15% de luach margaidh bunaidh (LMO) d'aon charr, faoi réir míleáiste gnó.
- Tá síneadh á chur leis an laghdú sealadach ar an LMO go dtí 2026, 2027 agus 2028, chun an méid SC iníoctha do gach carr i gCatagóir A1, A, B, C agus D (ní E) agus gach veain a laghdú, ar bhonn céimnithe mar seo a leanas:
 - €10,000 le haghaidh 2026
 - €5,000 le haghaidh 2027 agus
 - €2,500 le haghaidh 2028.

Fanfaidh an teorainn míleáiste is lú sa bhanda míleáiste is airde, a bhaineann le gluaiseáin a chuirtear ar fáil d'fhostóirí ag 48,001.

Clár Rannpháirtíochta Príomhfhostaithe (CRPF)

Tá síneadh á chur le CRPF go dtí an 31 Nollaig 2028 faoi réir ordú um thosach feidhme, go dtí go gceadófar Státchabhair ón AE. Fanann coinníollacha uile na scéime mar an gcéanna.

Clár Faoisimh do Shannaí Speisialta (CFSS)

Tá síneadh ama curtha leis an bhfaoiseamh seo ar feadh cúig bliana eile go dtí an 31 Nollaig 2030. Tá an tairseach ioncaim is ísle d'iontrálaithe nua á ardú ó €100,000 go €125,000 sa mbliain. Tá síneadh á chur leis an

spriocdháta bliantúil i leith tuairisceáin fostóra deireadh bliana ón 23 Feabhra go dtí an 30 Meitheamh tar éis dheireadh na bliana cánach.

Asbhaint ó Thuilleamh Eachtrach (ATE)

Cuireadh síneadh leis an bhfaoiseamh ar feadh cúig bliana eile go dtí an 31 Nollaig 2030, agus méadaíodh an méid ioncaim fostaíochta ar a bhféadfaí é a éileamh go €50,000.

Maoin

Cáin Talún Cónaí-Chriosaithe (CTCC)

Beidh deis eile ag úinéirí talún atá faoi réir CTCC in 2026 athrú a iarraidh ar a nÚdarás Áitiúil maidir le crios a gcuid talún. Mar thoradh ar iarratas den sórt sin a dhéanamh, féadfaidh úinéirí talún cáiliú le haghaidh díolúine ó dhliteanas CTCC 2026.

Dleacht Stampa

Tobhach Bainc

Tá síneadh ama bliana eile go dtí 2026 á chur leis an Tobhach Bainc. Ríomhfar é mar chéatadán de na taiscí incháilithe atá i seilbh na mbanc ar an 31 Nollaig 2024.

Scéim Aisíocaíochta i leith Forbraíochtaí Cónaithe

Tá síneadh ama 5 bliana eile á chur leis an Scéim go dtí an 31 Nollaig 2030.

Tá roinnt athruithe á dhéanamh ar an Scéim Aisíocaíochta, lena n-áirítear:

- Síneadh atá á chur leis an dá theorainn ama a bhaineann leis an scéim (éadail go dtí tosú, agus tosú go dtí críochnú) ó 30 mí go 36 mhí d'fhorbairtí cónaithe ar mhórsála agus
- Aisíocaíocht iomlán dleachta stampála a cheadú i leith forbairt ilchéime a luaite a thosaíonn an chéad chéim.

Díolúine i leith Caipitliú Margaidh

Tá díolúine ó Dhleacht Stampála le tabhairt isteach ar thíolacadh nó aistriú stoic nó urrús indíolta (m.sh. scaireanna).

Beidh feidhm ag an díolúine más rud é:

- go ligtear isteach stoic nó urrúis indíolta chun a thrádáil ar mhargadh rialáilte nó ar shaoráid trádála iltaobhach (nó ar mhargadh coibhéiseach lasmuigh den Aontas) agus
- go bhfuil caipitliú margaidh na cuideachta a d'eisigh na stoic nó na hurrúis indíolta níos lú ná €1 billiún.

Cáin Gnóthachan Caipitiúil (CGC)

Faoiseamh Athbhreithnithe d'Fhiontraithe

Tá an teorainn saoil a bhaineann leis an bhfaoiseamh seo á mhéadú ó €1 mhilliún go €1.5 milliún. Baineann sé seo le gnóthachain inmhuirir a eascraíonn nuair a dhéanann duine aonair ábhartha sócmhainní gnó inmhuirir a dhiúscairt ar an 1 Eanáir 2026, nó dá éis.

Cáin Chorporáide (CC)

Faoiseamh Scannáin

Tabharfar ráta feabhsaithe isteach don chreidmheas cánach scannáin do léiriúcháin a bhfuil íoschaiteachas incháilithe de €1 mhilliún acu ar shaothar incháilithe ábhartha Maisíochtaí Físe (VFX).

I gcás tionscadail cháilitheacha, ríomhfar an creidmheas ag 40% suas go dtí uaschaiteachas incháilithe de €10

milliún. Tá an beart nua faoi réir ceadú i leith Státchabhair.

Faoiseamh le haghaidh Cluichí Digiteacha

Cuirfear síneadh ama sé bliana eile leis an bhfaoiseamh go dtí an 31 Nollaig 2031. Cuirfear leis an gcreidmheas freisin chun éilimh a cheadú maidir le hobair ábhair iar-eisiúna, faoi réir coinníollacha áirithe.

Tá an dá leasú faoi réir ceadú i leith Státchabhair.

Creidmheas Cánach Taighde agus Forbartha (T&F)

Tá roinnt leasuithe i gceist leis an gCreidmheas Cánach Corparáide T&F, lena n-áirítear:

- méadú ar an ráta ó 30% go 35% **agus**
- méadú ó €75,000 go €87,500 i leith an mhéid iníoctha i mBliain a hAon.

Asbhaint Fheabhsaithe do Chaiteachais Incháilithe Foirgníochta

Tá asbhaint fheabhsaithe cánach corparáide á thabhairt isteach i leith costais áirithe a thabhaítear:

- maidir le hobair thógála ar fhorbairtí árasán **agus**
- chun foirgnimh neamhchónaithe a athchóiriú le bheith ina n-árasáin.

Leagfar tuilleadh sonraí amach sa Bhille Airgeadais.

Liúntais Chothromaíochta i leith Sócmhainní Doláimhsithe

Féadfaidh cuideachtaí liúntais chaipitiúla a éileamh i leith costas a thabhaítear ar shócmhainní doláimhsithe ar leith a ceannaíodh chun críocha trádála.

Tá liúntais den sórt sin faoi réir forálacha imfhálaithe. Ina theannta sin, tá an asbhaint a cheadaítear in aon tréimhse chuntasaíochta teoranta d'uasmhéid de 80% den ioncam trádála ábhartha sa tréimhse sin.

Tá leasuithe á ndéanamh chun foráil a dhéanamh go bhfuil liúntais chothromaíochta ar shócmhainní doláimhsithe ar leith, a eascraíonn as teagmhais chomhordaithe ar nós diúscairt nó aistriú na sócmhainne doláimhsithe sonraithe, faoi réir na bhforálacha imfhálaithe agus uasteorainn 80% freisin.

Beidh feidhm aige sin maidir le teagmhais chomhordaithe a tharlaíonn ar an 8 Deireadh Fómhair 2025, nó dá éis.

Liúntais Chaipitiúla Luathaithe le haghaidh Feithicilí Gáis agus Trealamh Athbhreoslaithe

Tá síneadh cúig bliana á chur leis an Scéim Liúntas Luathaithe Caipitiúil seo go dtí an 31 Nollaig 2030.

Liúntais Luathaithe Caipitiúil le haghaidh Trealamh Tíosach ar Fhuinneamh

Tá síneadh cúig bliana á chur leis an Scéim Liúntas Luathaithe Caipitiúil seo go dtí an 31 Nollaig 2030.

Díolúine Rannpháirtíochta

Is díolúine cánach corparáide é an díolúine rannpháirtíochta d'ioncam díbhinne eachtrach áirithe.

Tá roinnt feabhsuithe á ndéanamh, lena n-áirítear leathnú ar an raon feidhme geografach. Leagfar tuilleadh sonraí amach sa Bhille Airgeadais.

Feirmeoireacht

Liúntais chaipitiúla luathaithe le haghaidh Caiteachais ar Stóráil Sciódair

Tá síneadh á chur leis an scéim liúntas luathaithe caipitiúil i leith stóráil sciódair go dtí an 31 Nollaig 2029.

Faoiseamh d'Fheirmeoirí Óga Oilte

Tá an faoiseamh seo, a bhí le dul in éag ag deireadh 2025, á shíneadh go dtí an 31 Nollaig 2029, faoi réir tosach feidhme ag an Aire Airgeadais.

Faoiseamh i leith Comhdhlúthú Feirme

Cuirfear síneadh leis an bhfaoiseamh seo, a bhí dlite dul in éag ag deireadh na bliana seo go dtí an 31 Nollaig 2029. Ina theannta sin, tá sé á leathnú amach chuig coillearnaí neamhthráchtála. Tá na hathruithe seo faoi réir tosach feidhme ag an Aire Airgeadais.

Faoiseamh i leith Athstruchtúrú Feirme

Cuirfear síneadh leis an bhfaoiseamh seo, atá dlite le dul in éag ag deireadh na bliana seo go dtí an 31 Nollaig 2029. Ina theannta sin, tá sé á leathnú chuig talamh a úsáidtear mar choillearnaí tráchtála, chomh maith le coillearnaí neamhthráchtála a úsáidtear chun críocha caomhnaithe.

Tá síneadh ré an fhaoisimh, chomh maith le leathnú raon feidhme an fhaoisimh chun coillearnaí tráchtála agus coillearnaí neamhthráchtála a chur san áireamh, faoi réir tosach feidhme ag an Aire Airgeadais.

Breis Cothromráta d'Fheirmeoirí

Le héifeacht ón 1 Eanáir 2026, laghdófar an breis cothromráta d'fheirmeoirí ó 5.1% go dtí 4.5%.

Cáin Bhreisluacha (CBL)

Soláthairtí Gáis agus Leictreachais

Tá síneadh go dtí an 31 Nollaig 2030 le cur i bhfeidhm an dara ráta laghdaithe CBL de 9% ar sholáthairtí gáis agus leictreachais.

Soláthar d'Árasáin Áirithe

Le héifeacht ón 8 Deireadh Fómhair 2025, beidh feidhm ag an dara ráta CBL laghdaithe de 9% maidir le soláthar d'árasáin áirithe mar chuid den bheartas sóisialta go dtí an 31 Nollaig 2030.

Earnáil Fáilteachais

Le héifeacht ón 1 Iúil 2026, beidh feidhm ag an dara ráta CBL laghdaithe de 9% maidir le seirbhísí gruagaire agus le bia agus deoch (seachas alcól, uisce buidéalaithe, deochanna boga, deochanna spóirt agus súnna glasraí) nuair a chuirtear ar fáil é mar chuid de bhialann, lónadóireacht nó seirbhís beir leat.

Mál

Cáin ar Tháirgí Tobac (CTT)

Tá na rátaí CTT á mhéadú le héifeacht ón 8 Deireadh Fómhair 2025. Is éard atá sa mhéadú ná **€0.50 cent**, CBL san áireamh, ar phaicead 20 toitín, agus méaduithe pro rata ar tháirgí eile tobac.

Cáin Ola Mianra (COM)

Tiocfaidh méadú ar rátaí cánach carbóin de réir mar a ardóidh an méid a ghearrtar in aghaidh an tonna d'astaíochtaí dé-ocsaíde carbóin suas go dtí €71.00. Beidh tionchar aige seo ar rátaí áirithe ón 8 Deireadh Fómhair 2025 ar aghaidh, agus beidh rátaí COM de na nithe seo a leanas mar thoradh air:

- €706.14 an 1,000 lítear ar pheitreal agus



gásailín eitlíochta

agus

- €615.76 an 1,000 lítear ar dhíosal cairr agus ola throm a úsáidtear le haghaidh loingseoireachta aeir agus áineasa príobháidí.

Beidh tionchar ag méaduithe cánach carbóin ar rátaí COM eile ar an 1 Bealtaine 2026.

Cáin Charbóin ar Ghás Nádúrtha (CCGN)

Tiocfaidh méadú ar rátaí cánach carbóin de réir mar a ardóidh an méid a ghearrtar in aghaidh an tonna d'astaíochtaí dé-ocsaíde carbóin suas go dtí €71.00. Beidh tionchar aige seo ar CCGN ón 1 Bealtaine 2026 agus beidh ráta €12.84 in aghaidh na huaire meigeavata mar thoradh air.

Cáin Charbóin ar Bhreosla Soladach (CCBS)

Méadófar rátaí CCBS ón 1 Bealtaine 2026 go dtí:

- €187.00 an tonna ar ghual
- €130.18 an tonna ar bhrícíní móna
- €64.52 an tonna ar mhóin mheilte

agus

- €96.76 an tonna ar mhóin eile.

Cáin Chláraithe Feithiclí (CCF)

Faoiseamh i leith Feithiclí Leictreacha

Tá loghadh nó aisíocaíocht maidir le CCF le haghaidh feithiclí leictreacha lena n-áirítear gluaisrothair leictreacha á síneadh go dtí an 31 Nollaig 2026.

Tairseacha, faoisimh agus liúntais eile

Polasaithe árachais saoil agus cistí infheistíochta

Le héifeacht ón 1 Eanáir 2026, tá an ráta cánach do dhaoine aonair le laghdú ó 41% go 38% ar ioncam agus gnóthachain ó:

- polasaithe árachais saoil intíre
- Polasaithe árachais saoil eachtracha áirithe
- Cistí infheistíochta atá sainchónaitheach in Éirinn

agus

- cistí infheistíochta coibhéiseacha eischósta i mBallstáit eile den AE, i Stáit LEE agus i dtíortha ECFE a bhfuil comhaontuithe cánachais dhúbailte ag Éirinn leo.

An Tionscnamh Cathrach Beo

Déantar roinnt leasuithe ar an scéim dreasachta maoine ar a dtugtar Tionscnamh na Cathrach

Beo. Ina measc seo, áirítear:

- An síneadh atá á chur leis an scéim go dtí an 31 Nollaig 2030.
 - Méadú ar dháta aoise na maoine cáilitheacha don fhaoiseamh cónaithe úinéara-áititheora nó don fhaoiseamh cónaithe cíosa, ó na cinn a tógadh roimh 1915 go dtí cinn a tógadh roimh 1975.
 - Tá catagóir nua san áireamh sa scéim chun maoine tráchtála a thiontú isteach ina maoine cónaithe, lena n-áirítear áitreabh "os cionn an tsiopa" a thiontú chun críocha cónaithe. Níl aon srianta tógála ar na maoine seo ó thaobh aois de.
 - Tá an scéim á leathnú amach go Baile Átha Luain, Droichead Átha, Dún Dealgan, Leitir Ceanainn agus Sligeach.
- agus**
- Baintear an uasteorainn €200,000 d'fhaoiseamh cánach in aghaidh an tionscadail i leith áitribh chónaithe tráchtála agus áitribh chónaithe ar cíos.

Tá Tionscnamh na Cathrach Beo laistigh de Rialachán De Minimis an Choimisiúin Eorpach a cheadaíonn do ghnóthas aonair Státhabhair suas le €300,000 ar a mhéad a fháil thar thréimhse 3 bliana.

Séanadh Dlíthiúil

Tá sé i gceist go dtabharfadh an achoimre seo cur síos ar an ábhar i dtéarmaí ginearálta. Mar sin, ní dhéantar iarracht gach ceist a chlúdach inti a d'fhéadfadh teacht chun cinn maidir leis an ábhar. Níl sí ceaptha a bheith ina léirmhíniú dlíthiúil ar na forálacha reachtúla agus mar sin, ní fhéadtar glacadh le haon dlíteanas a thabhaítear nó caillteanas a fhuilgítear mar thoradh ar bheith ag brath ar aon ábhar atá foilsithe istigh anseo.